

SEICLIOSTA LE HAGHAIDH CHONRADH FOSTAÍOCHTA CHÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA ~CUSPÓIR SONRAITHE

Tá na leideanna sa doiciméad aibhsithe le dath dearg. Is gá a chinntiú go scriostar na leideanna agus go n-ionsátar an t-eolas cuí.

Is athchóiriú ar chonradh seasta do chúntóirí riachtanas speisialta mar atá foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (Ciorclán 15.05) an teimpléad seo.

Toisc gur teimpléad an doiciméad seo ní mór é a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Tá sé arna bheartú go n-úsáidfean an conradh teimpléadach i gcásanna ina mbíonn fostaithe nua á gceapadh.

Tá sé tábhachtach go dtragraítear don Nóta Treorach maidir le Saincheisteanna Fostaíochta Ginearálta atá ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC (Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha)].

Fostaí téarma shocraithe is ea an leagan cineálach a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhostaithe ar fostú go sealadach ar feadh tréimhse/tréimhse ama socraithe, le haghaidh cuspóra shonraithe nó chun sainchúram a shlánú. Tá dhá chonradh theimpléadacha ar fáil ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC]:

(a) conradh le haghaidh chúntóir riachtanas speisialta~téarma socraithe

(b) conradh le haghaidh chúntóir riachtanas speisialta~cuspóir sonraithe

Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-úsáidtear an conradh ceart. Is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta chúntóir riachtanas speisialta~téarma socraithe” a úsáid nuair a bhíonn tú cinnte faoi thréimhse an chonartha i.e. an cúntóir riachtanas speisialta seasta a bheith amuigh ar feadh tréimhse ama cinnte. Ar an taobh eile nuair nach mbíonn an t-am a fhillfidh an cúntóir riachtanas speisialta seasta ar eolas go cinnte e.g. an cúntóir riachtanas speisialta seasta ar saoire mháithreachais, saoire bhreitheachta, saoire chúramóra, etc. is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta chúntóir riachtanas speisialta~cuspóir sonraithe” a úsáid. Is gnách go mór conradh cuspóra shonraithe seachas conradh téarma shocraithe a bheith ann nuair a bhíonn cúntóir riachtanas speisialta sealadach á f(h)ostú in ionad cúntóra sheasta.

Tá fáil ar an doiciméad dar teideal “Eolas Ginearálta maidir le Conarthaí Téarma Shocraithe/Conarthaí Cuspóra Shonraithe~ Nóta Treorach CPSMA [CBBC]” maidir le hathnuachan chonarthaí múinteoirí sealadacha ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC] ag www.cpsma.ie. Moltar go láidir dul i gcomhairle an doiciméid seo sula gcinntear ar cheann amháin den dá chonradh theimpléadacha a roghnú agus fostaí á fhostú ar bhonn

sealadach. Cé go mbaineann na teoracha seo go sonrath le múinteoirí sealadacha, baineann na prionsabail ghinearálta le gach ball foirne.

AN NDEARNA TÚ

1. An dáta agus an bhliain a ionsá?
2. An t-ainm, an seoladh agus uimhir rolla na scoile a ionsá?
3. Ainm agus seoladh an fhostaí a ionsá?
4. A chur in iúl cé acu post lánaimseartha nó post páirtaimseartha atá i gceist agus pé ceann díobh nach bhfuil i gceist a scriosadh? Clásal 1.01. Is ionann post lánaimseartha agus seachtain 32 uair; ní áirítear sosanna, tréimhsí scíthe etc. sna 32 uair. Is ionann post naíonán lánaimseartha agus seachtain 27 uair; ní áirítear sosanna, tréimhsí scíthe etc. sna 27 uair.
5. An líon uaireanta a bhíonn le hoibriú a ionsá más post páirtaimseartha é? Feic clásal 1.01?
6. An dáta tosaithe a ionsá? Feic clásal 1.01.
7. An chúis a bhfuil conradh cuspóra shonraithe riachtanach (agus ar chríochnú thréimhse an chonartha go n-éagfaidh an conradh) a ionsá? Feic clásal 1.01
8. An sampla tugtha a scriosadh? Feic clásal 1.01
9. “An conradh cuspóra shonraithe seo” nó “an conradh cuspóra shonraithe breise seo” a scriosadh mar is iomchuí? Feic clásal 1.03
10. Na forais oibiachtúla gur conradh cuspóra shonraithe an conradh a ionsá? Is gá an chúis le go bhfostaítear cúntóir riachtanas speisialta ar chonradh cuspóra shonraithe a ionsá. Ní mór a bheith soiléir faoin gcúis go díreach go mbíonn conradh cuspóra shonraithe i gceist seachas conradh seasta. Tá sampla de fhorais oibiachtúla san teimpléad. Is gá duit a chinntiú go scriostar na samplaí atá ar fáil sa teimpléad agus nach bhfuil oiriúnach. Muna bhfuil an foras oibiachtúil sna samplaí ionsáigh an foras oibiachtúil ceart agus scrios na samplaí uile. Feic clásal 1.03.01 go clásal 1.03.07
11. An modh a gcuirfidh an fostóir cúntóirí riachtanas speisialta ar chuspóir sonraithe ar an eolas maidir le folúntais do phoist sheasta le haghaidh cúntóirí riachtanas speisialta a ionsá? Feic clásal 1.05
12. An tréimhse phromhaidh a ionsá? Feic clásal 2.01.
13. An tréimhse phromhaidh shínte a ionsá? Feic clásal 2.01.

14. Na huaireanta oibre a ionsá? Feic clásal 4.01.
15. A chinntiú go bhfuil an tAguisín ceangailte leis an gconradh? Feic clásal 7.01.
16. A chinntiú go síníonn an Cathaoirleach agus an Fostaí araon an conradh **i ndúblach?**
17. An teorú i ndúch dearg gur cheart an conradh a shíniú i ndúblach etc a scriosadh?
18. A chinntiú go bhfuil cóip amháin den chonradh sínithe coinnithe ag an scoil agus cóip amháin tugtha don fhostaí?
19. Má ardaítear ceisteanna dlí maidir le fostaíocht moltar don scoil teagmháil a dhéanamh lena cuid árachóirí chun an t-ábhar a thuairisciú agus chun a fhionnadh má tá údarú ann chun comhairle dlí a fháil.